

Fear Draíochta Oz

Foireann

An gasúr

Dorothy

Bláthanna (x6)

Muinscinn (x5)

An tSíóg Bhán

An Fear Bréige

An Fear Stáin

An Leon

Brian Bocht

Garda (x2)

An Fear Draíochta

Na cailleacha (x6)

An gasúr beag

Radharc 1 – Tír na Muinsceann

DOROTHY: Cá bhfuil mé? cá bhfuil mé? Ó nach álainn iad na bláthanna anseo. Haló, Haló an bhfuil duine ar bith anseo?

BLÁTH 1: Cád é atá ag gabháil ar aghaidh anseo? Mhúscail tú mé, bhí mé i mo chodladh agus mhúscail tú mé.!

DOROTHY: Bláthanna ag labhairt?

BLÁTH 2: Cad é an chiall atá leis an trup seo?

DOROTHY: Ó gabh mo leithscéal ní raibh a fhios agam go raibh tú i do chodladh?

BLÁTH 3: Cé tusa? Cad chuige go bhfuil tú anseo?

BLÁTH 4: Ní fhaca mé thú san áit seo riamh!

BLÁTH 5: Carb as thú?

DOROTHY: Is mise Dorothy. Tá mé i mo chónaí in Kansas. Ach anois, níl a fhios agam cá bhfuil mé.

BLÁTHANNA: Bhal, Tá tú i dTír na Muinsceann agus is sinne bláthanna na Muinsceann.

DOROTHY: I dTír na Muinsceann!

BLÁTHANNA: Sin é. I dTír na Muinsceann agus tá míle fáilte romhat!

DOROTHY: Go raibh maith agaibh.

MUINSCH 1: Heí, Heí Heí, goitsígí anseo, déanaigí deifir, goitsigí anseo. Amharcaigí ansin. Sin iad bróga Chailleach an Oirthir.

MUINSCH 2: Ní chreidim é. Tá an Chailleach marbh, tá sí marbh, tá sí marbh.

(Áthas as cuimse ar mhuintir Thír na Muinsceann)

DOROTHY: Ní thuigimse na daoine seo.

MUINSCH 3: Tá an chailleach uafásach sin marbh agus is tusa an duine a mharaigh í.

MUINSCH 4: Mo cheol thú. Rinne tú gar mór dúinn. Tá muid saor ón Chailleach Mhallaithe.

Ding dong tá an chailleach marbh

*‘ an chailleach marbh ‘an chailleach marbh.
Ding dong tá an chailleach mhallaithe marbh.
Múscail a chodaltóir cuimil do shúile ‘s éirigh ’do shuí
Múscail tá ‘n chailleach mhallaithe gan bhrí
Ding dong tá an chailleach marbh
‘ an chailleach marbh ‘an chailleach marbh.
Ding dong tá an chailleach mhallaithe marbh*

(ag dul thart ag múscailt daoine)

(Muinsceann 1 ag labhairt le Muinsceann eile)

MUINSCH 5: Téigh go dtí an tSíog Bhán agus inis an dea-scéal di. Abair léi teacht gan mhoill.

(imíonn sí leis. Cuireann Dorothy isteach ar an cheiliúradh)

DOROTHY: Ba mhaith liom dul ar ais go dtí Kansas ach níl eolas a’ bhealaigh agam.

MUINSCH 6: Níl eolas a’ bhealaigh againne ach an oiread.

AN SLUA: Tá na tSíog Bhán ag teacht! Tá an tSíog Bhán ag teacht!

AN tSÍÓG: Is tusa an duine a mharraigh an Chailleach Mhallaithe. Seo bronntanas duit, Bróga na Caillí. Caith iad agus beidh tú slán.

DOROTHY: Go raibh maith agat a bhean uasal. Ach an bhfuil eolas a’ bhealaigh agat go dtí Kansas.

AN tSÍÓG: Ná bí buartha. Téigh chuig an Fhear Draíochta agus beidh eolas a’ bhealaigh aige.

DOROTHY: Cá bhfuil an Fear Draíochta seo ar fáil?

AN tSÍÓG: Tá sé ina chónaí in Oz. Lean an bealach beag buí.

AN SLUA: **Lean Bealach na mBrící Buí
Lean Bealach na mBrící Buí
Lean é, Lean é, Lean é, Lean é,
Bealach na mBrící Buí**

AN tSÍÓG: Lean an bealach beag buí.

DOROTHY: Cá bhfuil sé?

AN SLUA: **Lean Bealach na mBrící Buí
Lean Bealach na mBrící Buí
Lean é, Lean é, Lean é, Lean é,
Bealach na mBrící Buí**

GACH DUINE:

Táimid ar shiúl le Fear Draíochta a fheiceáil,
Fear Draíochta Iontach Oz
Is é an fear is iontaí draíochta,
Chomh hiontach le San Nioclás
Má bhí fear draíochta riamh ann
Is é Fear Draíochta Oz an ceann
an ceann, an ceann, an ceann,
an ceann, an ceann,
An ceann is iontaí dá raibh ann !
Táimid ar shiúl le Fear Draíochta a fheiceáil,
Fear Draíochta Iontach Oz

DOROTHY:

Slán agaibh agus go raibh maith agaibh!

Radharc 2 – An Crosbhealach

DOROTHY: Lean Bealach na mBrící Buí...seo crosbhealach anseo
Ní fios cé acu ceann Bealach na mBrící Buí.

FEAR BRÉIGE: An ceann seo.

DOROTHY: Cé a labhair?

FEAR BRÉIGE: An ceann sin.

DOROTHY: Cé a labhair? Ná habair gur labhair an fear bréige sin thall.

FEAR BRÉIGE: Má chuireann tú i mo sheasamh mé. Tabharfaidh mé eolas a' bhealaigh duit.

DOROTHY: Tusa a labhair, tá bua na cainte agat. Ní chreidim é.

(cuidíonn Dorothy leis an Fhear Bréige)

FEAR BRÉIGE: Tá sin níos fearr. Tig liom seasamh anois. Cé thusa?

DOROTHY: Is mise Dorothy tá mé ag dul chuig Fear Draíochta Oz. Tá eolas a' bhealaigh aige go dtí Kansas.

FEAR BRÉIGE: Is Fear Draíochta é a deir tú. An dtabharfaidh sé inchinn dom an dóigh leat?

DOROTHY: Inchinn?

FEAR BRÉIGE: Níl ach tuí i mo cheann agam.

DOROTHY: Tabharfaidh cinnte, tar liom .

FEAR STÁIN: Canna O-la, c-a-n-n-a-o-l-a.

D/FB: Cad é sin ar chuala tú an torann?

DOROTHY: Tá tú ar crith le heagla. Tá rud iontach taobh thiar den chrann sin.

FEAR STÁIN: C-a-n-n-a-o-l-a. T-h-a-l-l- a-n-s-i-n.

DOROTHY: Canna ola , thall ansin tuigimse anois é.

FEAR STÁIN: Doirt an ola ar mo chorp...Go raibh míle maith agat...Tig liom bogadh arís.

FEAR BRÉIGE: Tá mise ag dul go Fear Draíochta Oz le hinchinn a fháil. Tá Dorothy ag dul eolas a' bhealaigh abhaile a fháil. An dtiocfaidh tú linn?

FEAR STÁIN: Ó ba bhreá liom dul libh! Is Fear Stáin mé ach tá rud mór amháin ar iarraidh uaim. Níl croí agam.

DOROTHY: Tabharfaidh Fear Draíochta Oz croí duit gan dabht. Tar linne.

LEON: Grrrr...Grrrr...Grrrrrr...

(eagla ar an Fhear Stáin agus ar an Fhear Bréige)

Ar mhaith libh troid? Ar mhaith libh troid?

DOROTHY: Stad den amaidí sin anois nó buailfidh mé sa smig thú. Níl fonn troda ar dhuine ar bith.

(eagla ar an leon roimh Dorothy)

LEON: *(ag caoineadh)* Ní bhíonn eagla ar dhuine ar bith romham agus tá eagla ormsa romhat. Níl misneach ar bith agam!

DOROTHY: Ná bí buartha táimid ar ár mbealach chuig Fear Draíochta Oz. Tabharfaidh seisean misneach duit gan dabht. Tar linne.

(Tagann duine eile chuig an Crosbhealach cás á iompar aige)

BRIAN BOCHT: A dhaoine uaisle an bhfuil a fhios agaibh an bealach chuig an IMF (= International Monetary Fund)?

DOROTHY: Cé tusa?

BRIAN BOCHT: Is mise Brian Bocht, bhí mo chás lán go béal le hairgead, ach chaill mé é gach pingin rua de. Agus anois caithfidh mé dul chuig an IMF, ach níl a fhios agam cá bhfuil sé.

DOROTHY: Agus cad é a dhéanfaidh an IMF duit?

BRIAN BOCHT: Cuirfidh siad airgead i mo chás le lámh amháin agus bainfidh siad amach é leis an lámh eile.

DOROTHY: Ná bac leis an dream sin. Tar linne chuig Fear Draíochta Óz agus líonfaidh seisean do chás duit.

**Táimid ar shiúl le Fear Draíochta a fheiceáil,
Fear Draíochta Iontach Oz
Is é an fear is iontaí draíochta,
Chomh hiontach le San Nioclás
Má bhí fear draíochta riamh ann
Is é Fear Draíochta Oz an ceann**

**an ceann, an ceann, an ceann,
an ceann, an ceann,
An ceann is iontaí dá raibh ann !
Táimid ar shiúl le Fear Draíochta a fheiceáil,
Fear Draíochta Iontach Oz**

Radharc 3 – Oz

- DOROTHY:** Seo muid faoi dheireadh!
- FEAR STÁIN:** Tá gardaí ansin cuirfidh mé ceist orthu. An bhfuil an Fear Draíochta sa bhaile?
- GARDA 1:** Tá sé ro-ghnóthach le labhairt le duine ar bith inniu, tar ar ais amárach.
- DOROTHY:** Le do thoil. Ní chaithfimid ach cúpla bomaite leis.
- GARDA 2:** Bhal fanaigí ansin go bhfeice mé.
- FEAR STÁIN:** Tá súil agam go bhfeicfidh sé sinn.
- LEON:** Tá eagla orm roimh na gardaí sin.
- FEAR BRÉIGE:** Tá ocras an domhain orm.
- BRIAN BOCHT:** Chuala mé go bhfuil bialann iontach anseo darbh ainm ‘An Tíogar Ceilteach’.
- DOROTHY:** Bígí ciúin tá siad ag teacht ar ais.
- GARDA:** Labharfaidh sé libh. Tá sé ag teacht.
- FEAR DR:** Cad é is féidir liom a dhéanamh daoibhse?
- DOROTHY:** Ba mhaith liomsa eolas a ‘ bhealaigh a fháil ar ais go dtí Kansas.
- FEAR BRÉIGE:** Ba mhaith liom inchinn a fháil. Tá mé rud beag tiubh.
- FEAR STÁIN:** Tá croí de dhíth orm.
- LEON:** Tá misneach de dhíth orm. Is mise Rí na nAinmhithe agus níl misneach ar bith agam. (*Caoineann sé*)
- BRIAN BOCHT:** Níl pingin rua agam i mo chás agus ba mhaith liom é a líonadh arís.
- FEAR DR:** Bhal, Bhal, Bhal. Sílim go mbeidh mé in ann cuidiú libh. Ach ar dtús caithfidh sibh rud a dhéanamh domsa. Gníomh mór contúirteach.
- GACH DUINE:** Cad é an rud sin?
- FEAR DR:** Caithfidh sibh dul go Caisleán na gCailleach agus scuab na gCailleach a thabhairt ar ais anseo. Nuair a dhéanann sibh sin cuideoidh mé libh. Go dté sibh slán.

GACH DUINE: Ach cad é mar...?

FEAR DR: Imigí anois as mo radharc agus faigh an scuab. Ná tagaigí ar ais gan é.
Slán.

(Cuireann na Gardaí amach iad láithreach)

Radharc 4 – Caisleán na gCailleach

(Mím, Damhsa agus ceol ag cur coimhlinte in iúl le scuab na gCailleach a aimsiú. An bua sa deireadh ag Dorothy agus a cairde)

Radharc 5 – Ar Ais in Oz

DOROTHY: Tá scuab na gCailleach againn.

GARDA 1: Fanaigí ansin a dhaoine uaisle. Cuirfidh an Fear Draíochta míle fáilte romhaibh.

FEAR DR: Maith sibh. Tá scuab na gCailleach agaibh. Cad a tharla do na Cailleacha?

FEAR BRÉIGE: Tá siad go léir marbh. Bhí muid ró-ghlic dóibh. Ní bheidh troiblóid ar bith agat leo arís.

FEAR STÁIN: Tá na coillte saor ó chailleacha go deo.

LEON: Agus ní raibh eagla ar bith orm an t-am ar fad.

BRIAN BOCHT: Chuardaigh mé an caisleán ach ní raibh airgead ar bith istigh ann.

FEAR DR: Anois tá sé in am dom cuidiú libhse a dhaoine uaisle.
A Fhir Bhréige d’iarr tusa inchinn orm bhal bronnfaidh mé céim ort i Léinn na gCailleach. Céim cum summa laude.

(Bualadh bos ó gach duine Áthas an Domhain ar an Fhear Bréige)

FEAR DR: A Fhir Stáin d’iarr tú croí orm. Níl amhras ar bith orm ná go bhfuil croí mór maith agat. Agus le sin a chur i gcuimhne duit tabharfaidh mé an croí seo duit ach ná caith ar do mhuinchille é.

FEAR DR: A Leoin d’iarr tusa misneach orm. Bhí an-mhisneach agat nuair a bhí tú ag troid ag Caisleán na gCailleach Bronnfaidh mé Bonn Catha ort le do misneach a chur i gcuimhne duit. Caith go bródúil í.

(Áthas an domhain ar an Leon umhlaíonn gach duine dó)

FEAR DR: Anois a Bhrian Bhoicht, líonfaidh mé do chás le féinmheas agus dóchas tá siad i bhad níos fearr ná airgead agus tig leat iad a chaitheamh i dtír ar bith.

(Níl Brian Bocht cinnte an dtuigeann sé ach tá áthas air)

FEAR DR: A Dorothy d’iarr tú eolas a’ bhealaigh orm ar ais go dtí Kansas orm bhal rachaidh mé abhaile leat mar is as an cheantar sin dom féin.
Tabharfaimid síob abhaile do Bhrian Bhoicht agus tig leis an triúr fear stuama seo aire a thabhairt do Oz.

(Téann siad amach taobh amháin tagann siad isteach an taobh eile gach duine ar stáitse le slán a fhágáil leo)